

Matamaitic na Sraithe Sóisearaí: Aonaid Foghlama

Is mar chuid de shraith aonad a léadh sa seimineár gréasáin, *Pleanáil don Teagasc, Foghlaim agus Measúnú: Cur Chuige Scoil Amháin*, a forbraíodh an t-aonad seo, a bhfuil taifeadadh de ar fáil ag: www.jct.ie/maths/planning_resources.

Dara Bliain**Coincheap: Coibhneasa agus AthrógaV**

Tuiscint ar ghaolta agus ar an gcaoi a mbíonn athróga gaolta agus léirithe i suíomhanna difriúla ina measc i gcomhthéacs coibhneasa céimseatóla

Comhthéacs an Scoláire: Scoláirí an Dara Bliana**Torthaí Foghlama:** AF1 (a) (b) (c), AF4 (a) (b), AF6, AF7 (c) (d), CT1, CT2 (a) (c) (e), U3 (b)

Torthaí Foghlama ón snáithe Aontaitheach agus is é an múinteoir ranga a chinnfidh orthu.

Príomhfhoghlaim:

- Ba cheart do scoláirí a thuiscint go bhfuil éagsúlacht léirithe matamaiticiúla ann is féidir a úsáid le linn fadhbanna a réiteach, ina measc:
 - A thuiscint go gcaomhnaíonn léirithe difriúla brí
 - A thuiscint go nochtann léirithe difriúla gnéithe d'fhadhb nach nochtann cinn eile
 - A thuiscint gur féidir léirithe difriúla a úsáid i gcomhar lena chéileother
- Ba cheart go gcuirfeadh scoláirí níos mó lena dtuiscint ar athróg, ina measc:
 - a thuiscint gur cainníocht í athróg ar féidir léi athrú i gcomhthéacs fadhb mhatamaiticiúil
- Ba chóir go gcuirfeadh scoláirí arís lena dtuiscint ar choibhneasa mar fheidhmeanna, ina measc:
 - A thuiscint go mbíonn an athróg spleách á rialú ag athróg(a) neamhspleách(a)
 - A thuiscint gur féidir le hordphéirí a bheith ina n-áisc d'fheidhm
 - An t-athrú a chainníochtú idir na hathróga
 - An cineál athraithe idir athróga a shainaithint agus a rangú

Measúnú Leanúnach

- An féidir leis an scoláire na léirithe is oiriúnaí d'fhadhb a úsáid chun anailís, léirmhíniú agus léiriú a dhéanamh ar a réiteach / réitigh?
- An féidir le scoláirí aistriú idir athróg agus anaithnid shocraithe i gcomhthéacs?

Eispéireas Foghlama

- Tasc Imfhálú Cró (JCT Mathematics CPD 2019 -2020)
- “Na scéalta a mheaitseáil” (www.projectmaths.ie – Modular Course 3 (Algebra & Number, Module 1))
- Cur síos ar ghaolmhaireachtaí (Task adapted from www.openupresources.org)

Notaí/Machnamhs